Dara Epistil Phoil absdail Chum Timoteus
The Second Epistle of Paul to Timothy

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1 **2** **3** **4**

Dara Epistil Phoil absdail Chum Timoteus
The Second Epistle of Paul to Timothy

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

Grasa Dé do bhíodhgadh súas tré chleachdadh, agus urnnighe; 13 agus sómpla na mbriathar fhallain attáobh creideamh agus grádh, do chonmháil.

Chapter 1

1 Pol, absdal Iósa Críosd tré thoil Dé, do réir gheallamhna na beatha atá a Níosa Críosd,

1 Paul, an apostle of Jesus Christ by the will of God, according to the promise of life which is in Christ Jesus,

2 Go Timotéuis, an mac ionmhuin: Grasa, trócaire, *agus* síothcháin, ó Dhía Athar agus ó Iósa Críosd ar Dtíghearna.

2 To Timothy, *my* dearly beloved son: Grace, mercy, *and* peace, from God the Father and Christ Jesus our Lord.

3 Bheirim buidheachas ré Día, da ndéanuim seirbhís ag leanmhuin luirg na sinnsear maille ré coinnsías glan, fá chuimhne bheith agam ortsa do ghnath am úrnuighibh do ló agus doidhche;

3 I thank God, whom I serve from *my* forefathers with pure conscience, that without ceasing I have remembrance of thee in my prayers night and day;

4 Ar mbeith dhamh fonnmhar thusa dfaicsin, an tan chuímhnighim ar do dhéuruibh, ionnus go mbéinn líonta do gháirdeachas;

4 Greatly desiring to see thee, being mindful of thy tears, that I may be filled with joy;

5 Ar mbeith cuimhneach dhamh ar an gcreideamh neamhfhallsa atá ionnad, noch do bhí na chómhnuidhe ar tús ann do sheanmháthair Lois, agus ann do mháthair Eunice; agus ís deimhin leam a bheith ionnadsa mar an gcéudna.

5 When I call to remembrance the unfeigned faith that is in thee, which dwelt first in thy grandmother Lois, and thy mother Eunice; and I am persuaded that in thee also.

6 Ar a nadhbharsa cuírim a gcoimhne dhuit tiodhlacadh Dé atá ionnad tré chur mo lámhsa ort, do bhíodhgadh súas.

6 Wherefore I put thee in remembrance that thou stir up the gift of God, which is in thee by the putting on of my hands.

7 Oír ní sbiorad eagla tug Día dhúinne; achd *sbiorad* cúmhachd, agus grádh, agus sláinte inntinne.

7 For God hath not given us the spirit of fear; but of power, and of love, and of a sound mind.

8 Uime sin ná bíodh adhnáire ort fá fhíadhnuise ar Dtíghearna, ná am thimchiollsa as priosúnach ar a shon: achd bíodh do chuid agad do bhuáidhirt an tsoisgéil do réir chúmhachd Dé;

8 Be not thou therefore ashamed of the testimony of our Lord, nor of me his prisoner: but be thou partaker of the afflictions of the gospel according to the power of God;

9 Noch do sháor sinn, agus do ghoir *sinn* maille ré gairm náomhtha, ní réir ar noibrightheadh, achd réir a chinnidh féin agus a ghrás, noch do tugadh dhúinn a Niósa Críosd roimh chrúthughadh an domhuin;

9 Who hath saved us, and called *us* with an holy calling, not according to our works, but according to his own purpose and grace, which was given us in Christ Jesus before the world began,

10 Achd atá a nois ar fhoillsiughadh tré theachd deallruigheach ar Dtíghearna Iósa Críosd, noch do dhíbhir an bás, agus tug beatha agus neamhthruáilleadh chum soillse trés an tsoisgéul:

10 But is now made manifest by the appearing of our Saviour Jesus Christ, who hath abolished death, and hath brought life and immortality to light through the gospel:

11 Chum ar hórduigheadh misi um sheanmóntuigh, agus um absdal, agus um dhoctúr na Gcineadhach.
12 An tadhbhar fá a bhfuilim ag fulang na neitheannsa: gidheadh ní bhfuil adhnáire oram: oír atá a fhios agum cía dhár chreid mé, agus as deimhin leam gur féidir leis an ní dfág mé táobh ris do choimhéud fa chómhair an láoi úd.
13 Bíodh agad sompla fírinneach na mbríathar bhfalláin, do chúaluidh tú uáimse, a gcreideamh agus a ngrádh a Níosa Críosd.
14 Coimhéid an taisge mhaith do fágbhadh agad trés an Sbiorad Náomh chómhnuigheas ionnuin.
15 Atá a fhios so agad, gur thréigeadar luchd na Hásia uile misi, agár ab dhíobh Phigellus agus Hermogínes.
16 Go dtuguidh Tighearna na trócaire do thigh Onesiphoruis; óir tug sé fúaradh go minic dhamhsa, agus níor ghabh adhnaire é f m shlábhradh:
17 Achd, ar mbeith dhó sa Róimh, do lorgair sé mé go ro dhíthchiollach, agus fuáir sé mé.
18 Go dtuguidh an Tíghearna dhósan trócaire dfághail ón Dtíghearna sa ló úd: agus atá a sháirfhios agadsa, créd é a mhéud do fhoir sé oram a Nephesus.

11 Whereunto I am appointed a preacher, and an apostle, and a teacher of the Gentiles.

12 For the which cause I also suffer these things: nevertheless I am not ashamed: for I know whom I have believed, and am persuaded that he is able to keep that which I have committed unto him against that day.

13 Hold fast the form of sound words, which thou hast heard of me, in faith and love which is in Christ Jesus.
14 That good thing which was committed unto thee keep by the Holy Ghost which dwelleth in us.
15 This thou knowest, that all they which are in Asia be turned away from me; of whom are Phygellus and Hermogenes.
16 The Lord give mercy unto the house of Onesiphorus; for he oft refreshed me, and was not ashamed of my chain:

17 But, when he was in Rome, he sought me out very diligently, and found *me*.
18 The Lord grant unto him that he may find mercy of the Lord in that day: and in how many things he ministered unto me at Ephesus, thou knowest very well.

Caibidil 2

Cúram, 6 foighide 22 geanmnuidheachd, 24 agus cceannsachd na minisdreadh.

Chapter 2

1 Uime sin, a mhic, bíse láidir sa ngrás atá a Níosa Críosd.
2 Agus na neithe do chuáluidh tú uáimse a láthair mhoráin dfíaghnuibh, táobh na neithe céudna ré dáoinibh dísle, noch bhías foirtill ar dháoinibh eile do theagusg mar an gcéunda.
3 Uime sin fulaingse anshógh, mar shaighdíur maith Iósa Críosd.
4 Ní chreapluighear éinneach dá leanann an cogadh ré gnothuighthibh na beathasa; ionnus go ndéanadh toil an tí do thobh é na shaighdiúr.
5 Agus fós má ní áoinneach sbáirn fo mhaighisdreachdaibh, ní curthar coróin air, muna ndearna sé sbáirn go dlisdionach.
6 As eígean don treabhthach sáothar do dhéunamh suil do gheibh sé na tórtha.
7 Smuáin ar na neithibh a deirim; agus go dtuguidh an Tíghearna tuigsi dhuit sna huile neithibh.

1 Thou therefore, my son, be strong in the grace that is in Christ Jesus.
2 And the things that thou hast heard of me among many witnesses, the same commit thou to faithful men, who shall be able to teach others also.
3 Thou therefore endure hardness, as a good soldier of Jesus Christ.
4 No man that warreth entangleth himself with the affairs of *this* life; that he may please him who hath chosen him to be a soldier.

5 And if a man also strive for masteries, *yet* is he not crowned, except he strive lawfully.

6 The husbandman that laboureth must be first partaker of the fruits.
7 Consider what I say; and the Lord give thee understanding in all things.

8 Cuímhnigh gur eiséirghe Iósa Críosd ó mharbhuibh, do shíol Daibhi do réir mo shoisgéilse:
9 Ar son a bhfuilim ag fúlang uilc, go géibheannuibh, mar fhear drochgníomha; gidheadh ní bhfuil bríathar Dé ceanguilte.
10 Uime sin iomchruim na huile neithe ar son na druinge atá ar na dtogha, chum an tslánaighthe atá a Niósa Críosd do ghnódhughadh dhóibhsion mar an gcéudna maille ré glóir sbíorruidhe.
11 *As* rádh fírinneach so: Oír más bás dúinn *ná* fhochair, búdh marthuinn dúinn mar an gcéudna na fhochair:
12 Má nimíd fúlang, bíam a rioghachd mar an gcéudna maille ris: dá séunam *é*, séunfa seision sinne mar an gceudna:
13 Má nách ccreidmídne fanaidh seision díleas: ní féidir leis é féin do shéuna.
14 Cuir na neithesi a gcuimhne *dhóibh* agus aithin díobh a bhfíadhnuisi an Tíghearna gan bheith ag cíapáil a dtimchioll focal gan tairbhe air bith, *achd* búaidhreadh don druing éisdeas.
15 Déun díthchioll ar thú féin do tháisbéunadh ionmholta do Dhía, a tfior oibre nách rig a leas adhnaire do bheith air, ag gearradh bhreithre na fírinne go cómhthrom.
16 Toirmisg ciapáil bhríathar neamhdhíagha gan éifeachd: óir tiucfuidh ar a naghuidh chum tuillidh neimhdhiaghachda.
17 Agus biáidh a mbríathar ag cnáoi mar chancar: agár díobh Himenéus agus Philétus;
18 Noch a dtáobh na fírinne do chuáidh ar seachrán ón gcómhartha, ag rádh go ndeachuidh a neiséirghe thoruinn cheana; agus sgriosas creideamh dhruinge áirighe.
19 Gidheadh fanuidh fonndameint dhaingean Dé ar bun, aga bhfuil an séulasa, *eadhon* Go bhfuil fios a mhuinntire féin ag an Dtíghearna. Agus, Gach áon ghoireas ar ainm Chríosd seachnadh sé a néugcóir.
20 Gídheadh a dtígh mór bíd, ní hé amháin soithighe óir agus airgid, achd fós *soithighe* croinn agus críadh; cuid díobh chum onóra, agus cuid eile chum neamhonóra.
21 Uime sin dá nglana neach ar bith é féin úatha so, biáidh sé na shoitheach chum onóra, ar na dhéunamh náomhtha, oireamhnach don Tíghearna, ullamh chum gach uile dheaghoibre.
22 Seachuin mar an gcéudna ainmíana na hóige: agus lean dfíréuntachd, do chreideamh, do ghrádh, do shíothcháin, maille ris an druing ghoireas air an Dtíghearna ó chroidhe ghlan.

8 Remember that Jesus Christ of the seed of David was raised from the dead according to my gospel:
9 Wherein I suffer trouble, as an evil doer, *even* unto bonds; but the word of God is not bound.
10 Therefore I endure all things for the elect's sakes, that they may also obtain the salvation which is in Christ Jesus with eternal glory.

11 *It is* a faithful saying: For if we be dead with *him*, we shall also live with *him*:

12 If we suffer, we shall also reign with *him*: if we deny *him*, he also will deny us:

13 If we believe not, *yet* he abideth faithful: he cannot deny himself.
14 Of these things put *them* in remembrance, charging *them* before the Lord that they strive not about words to no profit, *but* to the subverting of the hearers.
15 Study to shew thyself approved unto God, a workman that needeth not to be ashamed, rightly dividing the word of truth.

16 But shun profane *and* vain babblings: for they will increase unto more ungodliness.

17 And their word will eat as doth a canker: of whom is Hymenaeus and Philetus;
18 Who concerning the truth have erred, saying that the resurrection is past already; and overthrow the faith of some.

19 Nevertheless the foundation of God standeth sure, having this seal, The Lord knoweth them that are his. And, Let every one that nameth the name of Christ depart from iniquity.
20 But in a great house there are not only vessels of gold and of silver, but also of wood and of earth; and some to honour, and some to dishonour.
21 If a man therefore purge himself from these, he shall be a vessel unto honour, sanctified, and meet for the master's use, *and* prepared unto every good work.

22 Flee also youthful lusts: but follow righteousness, faith, charity, peace, with them that call on the Lord out of a pure heart.

23 Agus seachain ceasda éigcéillidhe neamhfhoghlomtha, ar mbeith a fheasa agad go mbrósduighid síad ceannarruic.
24 Oír ní cóir do shearbhfoghantuidhe an Tíghearna bheith ceannarraiceach; achd bheith ceannsa ris na huile *dháoinibh*, réidh chum teaguisg, ag iomchar ré drochdháonibh,
25 Ag teagusg na druinge bhíos conntrarrdha dhá inntinn maille ré ceannsachd; dféuchain an dtiubhradh Día aithrighe dhóibh uáir ar bith chum na fírinne dadmháil;
26 Agus teachd ar a nais, ó dhul an díabhail, agá bhfuilid gabhtha mar is áill leis féin.

23 But foolish and unlearned questions avoid, knowing that they do gender strifes.

24 And the servant of the Lord must not strive; but be gentle unto all *men*, apt to teach, patient,

25 In meekness instructing those that oppose themselves; if God peradventure will give them repentance to the acknowledging of the truth;
26 And *that* they may recover themselves out of the snare of the devil, who are taken captive by him at his will.

Caibidil 3

Na haimseara báoghlach ré teachd. 16 Fós úghdar agus eifeachd na sgriobtúr.

Chapter 3

1 Agus bíodh a fhios so agad, go dtiucfuid aimseara báoghlacha sna laethibh déigheanacha.
2 Oír béid dáoine rócheanamhuil orrtha féin, sanntach, aidhbhéil, díomsach, íthiomráiteach, easúmhal dá naithribh agus dá máithribh, dómbuidheach, neamhnáomhtha,
3 Gan ghrádh nadúrtha, luchd drochchoinghill, luchd éilighe bréugacha, neímhmeassardha, borb, gan ghrádh don mhaith,
4 Luchd bratha, mearrgánta, áirdinntinneach, luchd ghrádhaigheas sáimhe ní sa mhó ná Día;
5 Leigeas orrtha féin bheith díagha, achd do dhíult do chúmhachd na díaghachda: agus seachainse a samhuil sin.
6 Oir is don druingse an luchd bhíos ag teultógh a steach a dtighthibh, agus bheireas ríu a mbruid mná simplidhe líonta do pheacadh, noch do threóruighthear ré hainmhíanuibh éugsamhla,
7 Ag fóghluim do shíor, agus go bráth gan teachd dhóibh chum eólais na fírinne.
8 Agus do réir mar do chuir Iannes agus Iambres a naghuidh Mhaóisi, as mar an gcéudna chuirid an dreamsa a naghuidh na firinne: luch inntinne truáillighe, mearuighe a dtáobh an chreidimh.
9 Gidheadh ní bhéuruid buáidh ní sa mhó: óir biáidh a gcúthach follas do na huile *dháoinibh*, amhuil do bhí a gcúthach súd mar an gcéudna.
10 Achd do lean tusa mo theagusga, réim mo bheatha, mo rún, mo chreideamh, mo cheannsachd, mo ghrádh, *agus* mfoighid,
11 An ghérleanmhuin, an pháis, a dfulaing mé a Nantióchia, a Nicónium, *agus* a Lisdra; créd

1 This know also, that in the last days perilous times shall come.

2 For men shall be lovers of their own selves, covetous, boasters, proud, blasphemers, disobedient to parents, unthankful, unholy,

3 Without natural affection, trucebreakers, false accusers, incontinent, fierce, despisers of those that are good,

4 Traitors, heady, highminded, lovers of pleasures more than lovers of God;
5 Having a form of godliness, but denying the power thereof: from such turn away.

6 For of this sort are they which creep into houses, and lead captive silly women laden with sins, led away with divers lusts,

7 Ever learning, and never able to come to the knowledge of the truth.
8 Now as Jannes and Jambres withstood Moses, so do these also resist the truth: men of corrupt minds, reprobate concerning the faith.

9 But they shall proceed no further: for their folly shall be manifest unto all *men*, as theirs also was.
10 But thou hast fully known my doctrine, manner of life, purpose, faith, longsuffering, charity, patience,
11 Persecutions, afflictions, which came unto me at Antioch, at Iconium, at Lystra; what

é méid na gérleanmhana diomchuir mé: achd do sháor an Tíghearna mé úatha uile.
12 Agus fós, an mhéid ler mían a mbeatha chaitheamh go díagha a Niósa Críosd fuileónguin síad gerleanmhuin.
13 Achd na drochdháoine agus na mealltóirighe rachuid air a naghuidh sa nolc, ag mealladh, agur ar na mealladh dhóibh.
14 Achd comhnuighse sna neithibh do fhóghluim tú agus do fágbhadh táobh riot, ar mbeith a fheasa agad cía ór fhoghluim tú *íad;*
15 Agus ó bhí tú ad leanabh go raibh eólas na sgrioptúr náomhtha agad, lér féidir do dhéunamh éagnuidhe chum slánaighthe trés an gcreideamh noch atá a Niósa Críosd.
16 *Is* ó Sbioruid Dé tháinic an sgriobtúir uile, agus *is* tarbhach é chum teaguisg, chum spreagtha, chum ceartuighthe, chum foirceaduil na fíréuntachda:
17 Ionnus go mbíadh óglach Dé diongmhalta, agus ullmhuighe go hiomlán chum na huile dhéaghoibre.

persecutions I endured: but out of *them* all the Lord delivered me.
12 Yea, and all that will live godly in Christ Jesus shall suffer persecution.

13 But evil men and seducers shall wax worse and worse, deceiving, and being deceived.

14 But continue thou in the things which thou hast learned and hast been assured of, knowing of whom thou hast learned *them*;
15 And that from a child thou hast known the holy scriptures, which are able to make thee wise unto salvation through faith which is in Christ Jesus.
16 All scripture *is* given by inspiration of God, and *is* profitable for doctrine, for reproof, for correction, for instruction in righteousness:

17 That the man of God may be perfect, throughly furnished unto all good works.

Caibidil 4

Oifig bhúachaille na heagluise, 7 agus caithréim dheireannach Phóil, tar éis búadhughadh.

Chapter 4

1 Uime sin cuirim dúalach *ort* a bhfíadhnuise Dé, agus an Tíghearna Iósa Críosd, noch bhéuras bréath ar bheódhuibh agus ar mharbhuibh agá theachd deallruightheach agus an a ríoghachd;
2 Déuna an bríathar do sheanmóir; bí dúthrachdach a nám, agus a nanám; spreag, smachduighe, *agus* teaguisg maille ris a nuile cheannsachd agus fhoirceadal.
3 Oir tiucfuidh aimsir nach mbiáidh fulang aca ar theagusg fhalláin; achd ar mbeith dá gclúasuibh líonta do thochas, cruinneóchuid síad dhóibh féin do réir a nainmían iomad teagusgóir;
4 Agus fillfid síad a gclúasa ón bhfírinne, agus geillfid do sgéultuibh fábhuill.
5 Gidheadh déunsa faire sna huile neíthibh, fulaing anshógh, déin obair shoíbhisgeil, tabhair fá deara do mhiniosdrálachd do bheith dearbhtha.
6 Oír atáimse a nois féin dom íodhbairt, agus is fógas damh aimsir mimtheachda.
7 Do chómhraic mé cómhrac maith, ráinic mé ceann mo choimhleanga, do choimhéid me an creideamh:
8 O so amach atá coróin fhíréuntachda ar na taisge fám chomhair, noch bhéuras an

1 I charge *thee* therefore before God, and the Lord Jesus Christ, who shall judge the quick and the dead at his appearing and his kingdom;

2 Preach the word; be instant in season, out of season; reprove, rebuke, exhort with all longsuffering and doctrine.

3 For the time will come when they will not endure sound doctrine; but after their own lusts shall they heap to themselves teachers, having itching ears;

4 And they shall turn away *their* ears from the truth, and shall be turned unto fables.
5 But watch thou in all things, endure afflictions, do the work of an evangelist, make full proof of thy ministry.

6 For I am now ready to be offered, and the time of my departure is at hand.
7 I have fought a good fight, I have finished *my* course, I have kept the faith:

8 Henceforth there is laid up for me a crown of righteousness, which the Lord, the righteous

Tíghearna, an breitheamh cómhthrom dhámh sa ló úd: agus ní dhámhsa amháin, achd mar an gcéudna do na huile dháoine ghrádhuigheas a theachd.
9 Déun deithneas ré theachd chugam go haithghearr:
10 Oír do thréig Démas mé, ar dtábhairt ghrádha don tsáoghalsa a láthair, agus do imthigh sé go Tessalonica; Crescens go Galátia, Titus go Dalmátia.
11 Atá Lucás na áonar um fhochair. Ar mbreith dhuit ar Mhárcuis, tabhair leachd é: óir as ro shócrach dhámhsa é chum miniosdrálachda.
12 Agus do chuir mé Tichicus uáim go Hephesus.
13 An tan thiucfas tú, tabhair leachd an brat noch do fhág mé a Dtróas ag Carpus, agus na leábhair, go háirighe na meamruim.
14 As mór dolc do rinne Alecsandar an céard copair oram: go dtuguidh an Tíghearna dhó réir a ghníomharthadh.
15 Agus bíse mar an gcéudna ar do choimhéud air; óir is mór do chuir sé a nadhuigh ar mbríathairne.
16 Ann mo chéud chosaintse níor raibh áonduine agam, achd do thréigeadar uile mé: nar agrar orrtha é.
17 Gidheadh do sheas an Tíghearna láimh rium, agus do neartuigh sé mé; ionnus go mbíadh seanmóir *an tsoisgeil* dearbhtha thríomsa, agus do gcluinfedis na Cineadhacha uile *í:* agus do sáoradh mé ó bhéul an leomhain.
18 Agus sáorfa an Tíghearna mé ó gach uíle dhrochobair, agus coimhéudfuidh *mé* chum a ríoghachda neamhdha féin: glóir dhósan go saóghal na sáoghal. Amén.
19 Beir beannachd chum Phrisca agus Acuila, agus chum luchd tighe Onesíphoruis.
20 Do chómhnuidh Erastus a Gcoríntus. Agus dfág mé Trophimus a Milétum go héugcruáidh.
21 Déun deithneas ré theachd roimh an ngéimhreadh. Cuiridh Eúbulus, agus Púdens, agus Línus, agus Cláudia, agus na dearbhráithre uile a mbeannachd chugad.
22 *Go raibh* an Tíghearna Iósa Críosd maille réd sbioruid. Grása maille ribh. Amén.

judge, shall give me at that day: and not to me only, but unto all them also that love his appearing.

9 Do thy diligence to come shortly unto me:

10 For Demas hath forsaken me, having loved this present world, and is departed unto Thessalonica; Crescens to Galatia, Titus unto Dalmatia.
11 Only Luke is with me. Take Mark, and bring him with thee: for he is profitable to me for the ministry.
12 And Tychicus have I sent to Ephesus.

13 The cloke that I left at Troas with Carpus, when thou comest, bring *with thee*, and the books, *but* especially the parchments.
14 Alexander the coppersmith did me much evil: the Lord reward him according to his works:
15 Of whom be thou ware also; for he hath greatly withstood our words.

16 At my first answer no man stood with me, but all *men* forsook me: *I pray God* that it may not be laid to their charge.
17 Notwithstanding the Lord stood with me, and strengthened me; that by me the preaching might be fully known, and *that* all the Gentiles might hear: and I was delivered out of the mouth of the lion.

18 And the Lord shall deliver me from every evil work, and will preserve *me* unto his heavenly kingdom: to whom *be* glory for ever and ever. Amen.
19 Salute Prisca and Aquila, and the household of Onesiphorus.
20 Erastus abode at Corinth: but Trophimus have I left at Miletum sick.

21 Do thy diligence to come before winter. Eubulus greeteth thee, and Pudens, and Linus, and Claudia, and all the brethren.

22 The Lord Jesus Christ *be* with thy spirit. Grace *be* with you. Amen.